C/2024/1573

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Neart a chur leis an iltaobhachas agus leis na croíphrionsabail idirnáisiúnta le haghaidh ord riailbhunaithe i ndomhan atá ag athrú go tapa: a thábhachtaí atá rannchuidiú na sochaí sibhialta le córas na Náisiún Aontaithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1573)

Rapóirtéir: **Christian MOOS**

Comhrapóirtéir: **Tanja BUZEK**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	16.11.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	194/8/17

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá sé á chur i gcuimhne ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) d'institiúidí an Aontais Eorpaigh go bhfuil oibleagáid orthu luachanna uilíocha a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus a áirithiú go n-urramófar prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

1.2. Tá CESE agus an tsochaí shibhialta ag súil le go mbainfidh na Náisiúin Aontaithe a spriocanna féin amach maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil a chaomhnú, tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus cearta an duine a chur chun feidhme ar mhaithe le líon méadaitheach daoine. Tá rannchuidiú na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun teacht ar réitigh agus iad a chur ar fáil ar an láthair, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, aistriú cóir a chothú agus an t-athrú aeráide a chomhrac.

1.3. Is í eagraíocht na Náisiún Aontaithe an t-aon eagraíocht ina ndéanann tíortha atá ar aon intinn le chéile agus iomaitheoirí plé go fóill ar raon leathan réimsí beartais. Mar sin féin, tá baol ann go gcuirfidh Ballstáit aonair isteach ar na Náisiúin Aontaithe, rud a bhaineann an bonn de chumas na heagraíochta sin freagairt do ghéarchéimeanna agus do dhúshláin atá ann faoi láthair. Maidir leis na Ballstáit a sháraíonn Cairt na Náisiún Aontaithe nó a ngealltanais faoi chomhaontuithe nó coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe, níor cheart cead a bheith acu a rannpháirtíocht iomlán ná a gcearta vótála a fheidhmiú.

1.4. Tá an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, ag súil le go dtabharfaidh an tAontas agus a Bhallstáit gealltanas níos mó ná riamh maidir leis na Náisiúin Aontaithe a neartú trí athchóiriú ó bhonn. Chun go mbeidh na Náisiúin Aontaithe in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun an comhdhearcadh maidir le luachanna agus noirm chomhroinnte a chobhsú, ní mór córas rialachais na Náisiún Aontaithe a bheith níos ionadaíche, níos cuimsithí agus níos éifeachtaí. Chun ionadaíocht níos cothroime a áirithiú, ní mór cead cainte níos mó a bheith ag an Domhan Theas laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

1.5. Ní mór d'eagraíocht na Náisiún Aontaithe a córas um eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt tuilleadh trí chóras comhairliúcháin ar fud na Náisiún Aontaithe a bhunú maidir le príomhthionscnaimh agus ceart chun achainí a dhéanamh chun saoránaigh, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí gnó agus geallsealbhóirí eile a rannpháirtiú níos fearr. Ba cheart béim ar leith a leagan ar ionadaíocht na mban, na ndaoine óga agus na ngrúpaí leochaileacha a fheabhsú. Ba cheart aird, tacaíocht agus aitheantas níos mó a thabhairt do ghrúpaí móra agus do gheallsealbhóirí eile.

1.6. In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh, creideann CESE gur gá feabhas a chur ar chomhordú an Aontais. Ba cheart don Aontas labhairt d'aon ghuth i gcomhlachtaí uile na Náisiún Aontaithe agus in institiúidí gaolmhara, agus gníomhú dá réir. Ionchur CESE ([1]) i gcéad athbhreithniú deonach an Aontais ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus a rannpháirtíocht le linn chur i láthair oifigiúil an Aontais ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta in 2023, is maith an sampla iad sin ag institiúidí an Aontais, agus freisin le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha shochaí shibhialta na hEorpa agus an róil a d'fhéadfadh a bheith ag CESE chuige sin ar fad mar thionólaí.

1.7. Chomh maith le cinntí bunaithe ar thromlach cáilithe a thabhairt isteach, is fiú machnamh a dhéanamh ar athchóiriú a dhéanamh ar Chonarthaí an Aontais i réimse an bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta, d'fhonn feabhas suntasach a chur ar chumas an Aontais gníomhú agus ar an tionchar atá aige laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

1.8. Tá CESE tiomanta a áirithiú go dtabharfar aird níos mó ar na tuairimí uaidh sna próisis chun comhsheasamh an Aontais a fhorbairt maidir le gach ábhar a bhaineann leis na Náisiúin Aontaithe, go ndéanfar teagmháil níos dlúithe le toscaireachtaí an Aontais agus na mBallstát chuig na Náisiúin Aonaithe agus go bhforbrófar treochlár chun feabhas a chur ar an idirphlé le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo do ghníomhaíochtaí an Aontais.

2. **Na dúshláin atá roimh an iltaobhachas, ord domhanda riailbhunaithe agus na Náisiúin Aontaithe**

2.1. Ós rud é gur comhphobail bunaithe ar luachanna iad, tá clár oibre coiteann ag an Aontas agus ag na Náisiúin Aontaithe maidir leis an iltaobhachas agus le hord domhanda riailbhunaithe a chur chun cinn, chomh maith leis an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint.

2.2. Maidir le forbairt inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe na bpobal uile a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhroinnte, cuireann na Náisiúin Aontaithe an t-aon chreat domhanda ar fáil lenar féidir teacht ar réitigh choiteanna. Leis an gcreat sin, cumhdaítear gach réimse beartais, rud a fhágann gur féidir dul i dteagmháil le comhpháirtithe an Aontais agus le hiomaitheoirí freisin. Cuireann an iliomad gníomhaireachtaí speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO), agus cláir agus cistí na n-eagraíochtaí sin, amhail Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCAD), agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), ardán leathan institiúideach ar fáil lena dtugtar aghaidh ar ábhair reatha.

2.3. I ngeall ar an gcogadh foghach atá á dhéanamh aige san Úcráin, tá prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta á sárú ag an Rúis.

2.4. Mar gheall ar rabharta cúlchéimnitheach i dtreo an uathlathais, tá laghdú ag teacht ar líon na ndaonlathas san Eoraip agus ar fud an domhain. Caitheann na huathlathais amhras ar na luachanna agus na noirm, go háirithe cearta an duine agus an smacht reachta, atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcás na ndaonlathas liobrálach fiú, laistigh den Aontas san áireamh, tugtar tús áite dá leasanna féin thar na prionsabail sin.

2.5. Bunaíodh na Náisiúin Aontaithe in 1945 mar fhreagairt ar uafáis an Dara Cogadh Domhanda agus ar fhís an Domhain Thiar. Níl an eagraíocht in ann ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar na Ballstáit nach comhaltaí den Chomhairle Slándála iad. Tá tíortha atá i mbéal forbartha go háirithe faoi ghannionadaíocht. Tá ionadaíocht chomhionann ríthábhachtach, áfach, chun an comhdhearcadh maidir le luachanna agus noirm chomhroinnte a chobhsú.

2.6. Chun rannchuidiú le SDG 17 (comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na spriocanna) tá a nósanna imeachta féin bunaithe ag roinnt comhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe chun dul i dteagmháil le geallsealbhóirí, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta. Chun na Náisiúin Aontaithe a dhaonlathú agus an eagraíocht a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha, ba cheart an t-idirphlé leis an tsochaí shibhialta a dhéanamh ar bhonn níos córasaí.

2.7. Is í eagraíocht na Náisiún Aonaithe an eagraíocht a chuireann an t-aon chreat domhanda ar fáil atá oiriúnach chun oibriú i dtreo réitigh dhomhanda chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, mar aon lena éifeachtaí a mhaolú. Mura mbainfear aistriú cóir amach lena n-urramófar ceart na bpobal uile chun forbartha inbhuanaithe, tiocfaidh coinbhleachtaí nua chun cinn. D'fhágfadh sé sin go mbeadh ar níos mó daoine teitheadh óna dtíortha dúchais.

2.8. Léiríodh le linn phaindéim COVID-19 a leochailí atá an tsochaí i leith géarchéimeanna tobanna. I ngeall ar an bpaindéim chéanna, is measa fós iad na neamhionannais maidir le dáileadh rachmais agus ionchais idir an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas. Cé gur fhill tíortha ardioncaim ar na leibhéil forbartha sóisialta agus eacnamaíche a bhí acu roimh phaindéim COVID-19, beidh tíortha ísealioncaim ag streachailt go ceann na mblianta.

3. **Na Náisiúin Aontaithe san 21ú haois**

3.1. Aithníonn CESE na hiarrachtaí atá déanta ag na Náisiúin Aontaithe le 77 mbliana anuas chun an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint, tacú le cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe a chothú. Is iad na hiarrachtaí sin an cruthúnas is fearr gurb í eagraíocht na Náisiún Aontaithe an t-aon ardán go fóill a thugann aghaidh go coitianta ar dhúshláin dhomhanda.

([1]) Ionchur CESE in Athbhreithniú Deonach ar leibhéal an Aontais ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe – chun SDGanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach..

3.2. Tacaíonn CESE leis an athchóiriú ar na Náisiúin Aontaithe agus tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit uile gealltanas a thabhairt go rannchuideoidh siad leis an eagraíocht a chur in oiriúint don timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú. Iarrann sé go háirithe ar Bhallstáit an Aontais fís agus seasamh comhpháirteach a chomhordú agus a chur chun cinn, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe a rannpháirtiú go dlúth sa mhéid sin.

3.3. Tacaíonn CESE leis an obair atá déanta ag an mBord Comhairleach Ardleibhéil maidir le hiltaobhachas éifeachtach agus measann sé gur rannchuidiú tábhachtach é an treoirphlean *A Breakthrough for People and Planet* ([2]) chun moltaí nithiúla a fhorbairt ar mhaithe le hathchóiriú na Náisiún Aontaithe.

3.4. Maidir leis an gcruinniú mullaigh *Summit of the Future*, measann CESE gur deis mhaith é don Aontas, do na Ballstáit, do na saoránaigh agus don tsochaí shibhialta oibriú go gníomhach chun athchóiriú a bhaint amach. Rud is dea-chleachtas é go ndéanann CESE toscaire óige ([3]) a áireamh ar a thoscaireacht chuig Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([4]), dea-chleachtas a thugann deis fhóinteach labhartha do dhaoine óga. Tugtar an deis sin dóibh freisin a bhuí le tionscnamh na Náisiún Aontaithe toscaire an Ard-Rúnaí maidir leis an óige a bheith ann. Tá béim á leagan ag CESE ar Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Óige, plean atá mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais do 2022-2027, agus creideann sé gur féidir leis an bplean sin a bheith ina phointe tagartha do thionscnaimh na Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaíochtaí an Aontais i bhfóram na Náisiún Aontaithe.

3.5. Is deis é an clár oibre nua don tsíocháin chun cumais na Náisiún Aontaithe a athsheoladh maidir le coinbhleachtaí a chosc, agus an tsíocháin a chothú agus a chaomhnú. Mar sin féin, chun gníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe i réimse na síochána a dhéanamh níos éifeachtaí, tá gá le hathchóiriú a dhéanamh ar chinnteoireacht na heagraíochta, lena n-áirítear an Chomhairle Slándála.

3.6. D'fhéadfadh sé gur mhodh éifeachtach chun coinbhleachtaí a chosc iad réitigh um aistriú cóir. Áirítear orthu sin an chómhargáil a chur chun cinn ar gach leibhéal chun athruithe ar gheilleagair ísealcharbóin a réamh-mheas agus a bhainistiú agus bearta chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú, deiseanna forbartha inbhuanaithe a chur ar fáil do na pobail uile, dálaí oibre a fheabhsú, agus na SDGanna a bhaint amach chomh maith.

3.7. Is díol sásaimh do CESE uaillmhian na Náisiún Aontaithe béim ar leith a leagan ar mhná, ar leanaí agus ar ghrúpaí leochaileacha a chosaint mar chuid de na gníomhaíochtaí a dhéantar chun coinbhleachtaí a chosc agus réitigh a chur ar fáil. Chuige sin, ba cheart guth, tacaíocht agus aitheantas níos láidre a thabhairt do ghrúpaí móra agus do gheallsealbhóirí eile.

3.8. Tá sé á athdhearbhú ag CESE nach mór ráthaíocht dhomhanda na gceart a chumhdaítear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a bheith ina príomhthosaíocht in obair na Náisiún Aontaithe.

3.9. Is cosúil go bhfuil ag teip ar ghealltanas na SDGanna feabhas a chur ar shaol na bpobal uile ([5]), mar a tugadh chun léire freisin sa tuairim *AE agus Clár Oibre 2030* ([6]) a d'fhoilsigh CESE le déanaí. Tá freagracht ar leith ar an Aontas agus ar na Ballstáit as na neamhionannais a laghdú maidir le dáileadh an rachmais idir an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas agus as dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na SDGanna a bhaint amach faoi 2030.

3.10. Ní léiriú a thuilleadh é rialachas reatha na Náisiún Aontaithe ar réaltachtaí geopholaitiúla agus sochaíocha an 21ú haois. Chun an tacaíocht a thugtar do na Náisiúin Aontaithe agus dá noirm agus dá luachanna coiteanna a neartú, is gá rialachas na Náisiún Aontaithe a dhéanamh níos ionadaíche, níos cuimsithí agus níos éifeachtaí. Sa Chomhairle Slándála, amhail i ngach comhlacht eile de chuid na Náisiún Aontaithe, tá ionadaíocht níos fearr ag teastáil ó thíortha i mbéal forbartha.

3.11. Agus a struchtúr idir-rialtasach á chaomhnú, ní mór do na Náisiúin Aontaithe dul i dteagmháil ar bhealach níos cuimsithí agus níos trédhearcaí leis na saoránaigh, le heagraíochtaí agus gluaiseachtaí sibhialta daonlathacha, le geallsealbhóirí eile, le parlaimintí, le húdaráis fhonáisiúnta agus le heintitis oifigiúla eile agus ní mór deiseanna breise a thairiscint dóibh a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear grúpaí móra agus geallsealbhóirí eile. Mar a luaitear in SDG 17, ní mór don phróiseas cinnteoireachta laistigh de na Náisiúin Aontaithe a bheith cuimsitheach chun go mbeidh an eagraíocht in ann a spriocanna a bhaint amach. Ní mór an córas sin a chomhlánú trína dhéanamh níos cuntasaí agus níos trédhearcaí.

3.12. Ní mheasfar na Náisiúin Aontaithe a bheith ina ngníomhaí dlisteanach ach amháin má dhéanann sé a spriocanna féin a bhaint amach ar mhaithe le líon méadaitheach daoine. Chuige sin, ní mór próisis chinnteoireachta na Náisiún Aontaithe a bheith níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus ní mór gur lú an seans a bheidh ann go ndeánfaidh sáinneacha difear dóibh.

([2]) An Bord Comhairleach Ardleibhéil maidir le hiltaobhachas éifeachtach: *A Breakthrough for People and Planet: Effective and Inclusive Global Governance for Today and the Future*, Nua Eabhrac, 2023.

([3]) https://www.eesc.europa.eu/ga/initiatives/climate-change-conferences-cop/eesc-youth-delegate.

([4]) Comhdháil na bPáirtithe (COP) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC).

([5]) Comhthionól Ginearálta – an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta: *Progress towards the Sustainable Development Goals: Towards a Rescue Plan for People and Planet*, Tuarascáil ón Ardrúnaí (Eagrán Speisialta) (A/78/80 -E/2023/64, lch. 2).

([6]) Tuairim CESE *AE agus Clár Oibre 2030: cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a neartú* (IO C, C/2024/876, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/876/oj).

3.13. Tá acmhainní agus acmhainneachtaí leordhóthanacha de dhíth ar na Náisiúin Aontaithe chun cinnteoireacht chuimsitheach a áirithiú. Ní mór do na hacmhainní agus na hacmhainneachtaí sin a bheith saincheaptha don tsochaí shibhialta, a bhfuil éagsúlacht mhór acmhainneachtaí aici, rud a ligfidh do na saoránaigh agus d'eagraíochtaí ar fud an domhain dul i dteagmháil leis na Náisiúin Aontaithe.

4. **An tAontas Eorpach sna Náisiúin Aontaithe**

4.1. Chun réitigh iltaobhacha ar dhúshláin dhomhanda a chur chun cinn, bunóidh 'an tAontas gach comhar is iomchuí le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus lena sainghníomhaireachtaí' (Airteagal 220(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh).

4.2. I bhfianaise gurb é an tAontas an ranníocóir is mó le buiséad na Náisiún Aontaithe, gur comhalta buan den Chomhairle Slándála é agus gur Ballstáit den Aontas iad 13 % de chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe, d'fhéadfadh an tAontas agus na 27 mBallstát tionchar suntasach a imirt laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

4.3. Mar sin féin, ní féidir leis an Aontas lánúsáid a bhaint as a chuid acmhainní chun ról ceannasach a ghlacadh maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda faoi chreat na Náisiún Aontaithe, cé is moite d'eisceachtaí ar leith, amhail an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ar réimse é ina bhfuil ról ceannasach ag an Aontas.

4.4. Tá rannpháirtíocht fhoirmiúil an Aontais i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe teoranta i gcónaí. Céim chun tosaigh ab ea stádas breathnóra feabhsaithe a fháil i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ina fhochomhlachtaí in 2011 ([7]), lena n-áirítear an ceart chun moltaí agus leasuithe a chur i láthair ó bhéal.

4.5. D'ainneoin an dul chun cinn theoranta a rinneadh maidir le cearta rannpháirtíochta a fheabhsú, ní fheidhmíonn an tAontas ach stádas breathnóra i bhformhór chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. I réimsí beartais ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, amhail an trádáil, labhraíonn an Coimisiún thar ceann gach ceann de na 27 mBallstát agus glacann sé seasamh comhordaithe, amhail ag Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL).

4.6. I bhformhór na réimsí beartais a dtugtar aghaidh orthu laistigh de na Náisiúin Aontaithe, is minic nach mbíonn seasamh comhleanúnach ag an Aontas toisc nach leor an comhordú idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit. Iarrann CESE ar an Aontas agus ar na Ballstáit uile infheictheacht an Aontais a mhéadú chun an tionchar atá aige laistigh de na Náisiúin Aontaithe a neartú.

4.7. D'fhéadfadh CESE breisluach a chur le cur chun cinn spriocanna na Náisiún Aontaithe, mar shampla trí ardán a chur ar fáil do gheallsealbhóirí na sochaí sibhialta chun bualadh le hionadaithe na Náisiún Aontaithe agus chun smaointe a mhalartú leo. I mí Iúil 2023, d'eagraigh CESE cruinniú comhchéime le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (UNHCR) inar roinn sé saineolas an Ghrúpa um Chearta Bunúsacha in CESE ([8]).

4.8. Déanfaidh CESE measúnú ar an bhféadfaí comhar leanúnach a bhunú le grúpaí móra agus le geallsealbhóirí eile agus lena gcomhordaitheoirí réigiúnacha, d'fhonn a dtuairimí a chur in iúl don Aontas agus do chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus infheictheacht níos mó a thabhairt dá n-éilimh.

5. **Breithniúcháin**

5.1. I bhfianaise ról institiúideach CESE mar chomhlacht comhairleach, tá an obair fhadréimseach a dhéanann sé ábhartha do roinnt comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe. Más rud é go bhfuiltear ag iarraidh go n-éisteofar le tuairimí CESE tráth a gcomhoibríonn sé go díreach le comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus cláir éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe, níor mhór creat struchtúrtha buan a chur ar fáil go tráthúil trí institiúidí an Aontais.

5.2. Tá CESE tiomanta cur chuige struchtúrtha a ghlacadh chun a sheasaimh maidir le hábhair a bhaineann leis na Náisiúin Aontaithe a chur in iúl ar bhealach níos fearr tráth a bhforbraíonn an tAontas na comhsheasaimh a chuirfidh sé faoi bhráid na Náisiún Aontaithe. Ní mór do rapóirtéirí CESE dul i dteagmháil go díreach agus in am trátha leis na príomhghníomhaithe ar cuireadh de chúram orthu comhsheasamh an Aontais a tharraingt suas.

5.3. Tá CESE tiomanta do chomhar níos dlúithe a chothú le toscaireachtaí an Aontais agus toscaireachtaí na mBallstát chuig na Náisiúin Aontaithe, agus tá sé ag dréim leis go ndéanfaidh na haonaid éagsúla sa Choimisiún Eorpach a bhíonn ag obair leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhlachtaí iltaobhacha obair leantach ar a thuairimí.

([7]) Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe: *Participation of the European Union in the work of the United Nations* (A/RES/65/276).
([8]) *Strengthening the fight for Human Rights*, Comhdháil CESE an 20 Iúil 2023, an Bhruiséil (https://www.eesc.europa.eu/en/news-media/news/strengthening-fight-human-rights-eesc-president-exchanges-un-high-commissioner-volker-turk-and-csos).

5.4. Feictear do CESE freisin go bhfuil gá le comhar níos fearr idir a rannóga chun an smaointeoireacht neamh-chomhtháite laistigh den Choiste a chur de dhroim seoil, ós fíor go mbaineann na SDGanna go háirithe le hobair gach rannóige. Chun méadú a dhéanamh ar an gcomhordú idir na rannóga féin agus idir na rannóga agus Uachtarán CESE, cuireann CESE de chúram ar na rannóga go léir treochlár a fhorbairt ar mhaithe le hionadaíocht níos fearr ar obair an Choiste a bhaint amach laistigh de na Náisiúin Aontaithe agus caidreamh níos cuimsithí a bhunú le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe. Sainaithneofar i gcleachtadh mapála ar na rannóga ar fad na comhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe ar díol spéise iad, trí na gníomhaíochtaí atá ar bun le comhlachtaí agus próisis de chuid na Náisiún Aontaithe agus an caidreamh atá ag na rannóga leo a liostú, d'fhonn béim a leagan ar staid na himeartha agus tuilleadh deiseanna comhair a fhiosrú.

5.5. Measann CESE go bhfuil gá le seasaimh an Aontais a chomhordú níos fearr maidir le hábhair a bhaineann leis na Náisiúin Aontaithe. I gcomhréir le forálacha Airteagal 34 (2) CAE maidir leis an gComhairle Slándála, ba cheart don Ardionadaí ionadaíocht a dhéanamh ar sheasamh an Aontais i gcomhlachtaí uile na Náisiún Aontaithe thar ceann na mBallstát uile. Fad is nach bhfuil cearta rannpháirtíochta foirmiúla ag an Aontas, déanfaidh ionadaithe na rialtas náisiúnta ionadaíocht ar chomhsheasamh an Aontais agus gníomhóidh siad dá réir.

5.6. Iarrann CESE ar Ardionadaí an Aontais ról ceannasach a ghlacadh thar ceann an Aontais agus a Bhallstát sa díospóireacht maidir le hathchóiriú na Náisiún Aontaithe. Ní bheidh tionchar ar thodhchaí na Náisiún Aontaithe ag an Aontas ach amháin má labhraíonn sé d'aon ghuth agus má ghlacann sé seasaimh shoiléire.

5.7. Tacaíonn CESE go hiomlán le hiarrachtaí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí maidir le raon feidhme chearta an Aontais a leathnú, faoina stádas breathnóra feabhsaithe, chun fochomhlachtaí breise de chuid na Náisiún Aontaithe a chur san áireamh.

5.8. Tá CESE tiomanta do ghuth láidir a thabhairt don tsochaí shibhialta sa phróiseas a bhaineann leis an gcruinniú mullaigh'*Summit of the Future*' tríd an gcomhar a rinne sé le déanaí le Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (CES) a dhoimhniú. Ba cheart do rialtais is comhaltaí de CES dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta agus tuairimí a mhalartú leo maidir lena ngníomhaíochtaí. Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart dóibh tuairisciú ar bhonn níos rialta. D'fhéadfadh CESE fóram a chur ar fáil chun obair CES a phlé.

5.9. Measann CESE gur deis chinniúnach atá in 'Summit of the Future' leis na gealltanais idirnáisiúnta atá ann cheana a chomhlíonadh, go háirithe an gealltanas dlús a chur le cur chun feidhme na SDGanna agus clár oibre nua don tsíocháin a thógáil. Chuige sin, neartóidh CESE a chur chuige inmheánach tras-rannóige agus leanfaidh sé den idirphlé atá ar bun aige le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe le gur féidir deiseanna a shainaithint chun cur le ról na sochaí sibhialta mar ullmhúchán don chruinniú mullaigh.

5.10. Tacaíonn CESE leis an smaoineamh maidir le comhairliúcháin chuimsitheacha a reáchtáil leis an tsochaí shibhialta le linn an phróisis iomláin lena ndírítear ar struchtúr nua a fhorbairt do rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i rialachas na Náisiún Aontaithe. Cuireann roinnt comhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe deiseanna iomadúla ar fáil cheana féin chun páirt a ghlacadh agus ba cheart do níos mó comhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe an sampla sin a leanúint.

5.11. Iarrann CESE ar an Aontas Eorpach ról ceannasach a ghlacadh maidir le feabhas a chur ar dheiseanna laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí daonlathacha na sochaí sibhialta, le cúnamh ó CESE. Laistigh dá bheartas eachtrach, ba cheart don Aontas cuidiú le hacmhainneacht na sochaí sibhialta a fhorbairt ar fud an domhain, lena n-áirítear cumas na sochaí sibhialta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe a fheabhsú.

5.12. Molann CESE tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chleachtas UNCITRAL maidir le rannchuidiú i scríbhinn a iarraidh ó na geallsealbhóirí ar chomhairliúchán a dhéantar ar leibhéal na Náisiún Aontaithe a bhaineann le príomhthionscnaimh, agus ceart achainí chuig na Náisiúin Aontaithe a bhunú lena gcuirfear deiseanna ar fáil do na saoránaigh, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do gheallsealbhóirí eile a bheith rannpháirteach go díreach.

5.13. Iarrann CESE go ndéanfaí struchtúir eagraíocht na Náisiún Aontaithe a chuíchóiriú agus go ndéanfaí a próisis chinnteoireachta níos trédhearcaí chun dlisteanacht na heagraíochta a mhéadú, agus ag an am céanna, a bonn airgeadais a dhéanamh níos inbhuanaithe.

5.14. Tacaíonn CESE leis an iarraidh sheanbhunaithe maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear an Chomhairle Slándála, chun ionadaíocht chothrom a áirithiú do thíortha ó gach mór-roinn agus chun a áirithiú nach gcuirfidh na Ballstáit aonair bac ar chinnteoireacht níos éifeachtaí. Ní mór do chomhaltaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear comhaltaí den Chomhairle Slándála, a sháraíonn Cairt na Náisiún Aontaithe a gcearta vótála a chailleadh go dtí go mbeidh an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go docht acu arís. Maidir le comhaltaí de chuid na Náisiún Aontaithe a sháraíonn a ngealltanais faoi chomhaontuithe nó coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe, níor cheart iad a thoghadh i ról ceannaireachta laistigh den eagraíocht nó de chomhlacht gaolmhar. Bhain an cás is déanaí le Catar, a bhí ina chathaoirleach ar an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair a reáchtáladh an bhliain seo, in ainneoin nár chomhlíon sé na gealltanais a thug sé do Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hathchóirithe, rud a bhain an bonn de chlú agus de ról na heagraíochta sin mar chaomhnóir na gcaighdeán saothair idirnáisiúnta.

5.15. Tá CESE ag súil le go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a bheidh ann amach anseo na céimeanna nithiúla a comhaontaíodh sa 'Comhshocrú don Todhchaí' a chur chun feidhme mar phríomhthosaíocht in 2024 i gcaidreamh seachtrach an Aontais le linn an chéad téarma institiúidigh eile in 2024-2029. Ba cheart cur chun cinn an iltaobhachais agus oird riailbhunaithe a bheith ina réimse tosaíochta sna chéad treoirlínte polaitiúla eile ón gCoimisiún agus ba cheart an méid sin a léiriú sa chlár oibre agus i gclár oibre straitéiseach nua na Comhairle Eorpaí.

5.16. Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais iarracht a dhéanamh chun moltaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a chur chun feidhme go pras chun ról idirnáisiúnta an Aontais a neartú, an t-iltaobhachas domhanda a athsheoladh, agus ról treisithe a thabhairt don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ([9]), agus cinntí bunaithe ar thromlach cáilithe a thabhairt isteach i mbeartas eachtrach an Aontais ag an am céanna; is fiú machnamh a dhéanamh ar athchóiriú a dhéanamh ar Chonarthaí an Aontais Eorpaigh d'fhonn feabhas suntasach a chur ar chumas an Aontais gníomhú agus cur leis an tionchar atá aige laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

5.17. Molann CESE comhghuaillíocht a bhunú le heagraíochtaí réigiúnacha atá ar aon intinn le chéile ionas gur féidir ionadaíocht níos fearr a dhéanamh orthu sna Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear cearta breise dá n-ionadaithe a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe. Chun ionadaíocht níos fearr a bhaint amach don Domhan Theas, ba cheart don Aontas dul i bpáirt leis an gcomharsa is gaire dó, i.e. an tAontas Afracach, chun athchóirithe coiteanna a bhaint amach laistigh de na Náisiúin Aontaithe.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([9]) An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022, Togra 24, Uimh. 5.